BILEOG OIBRE

Garraíodóireacht sa bhaile mór (spásanna cúnga)

Tráth Bliana

Tráth ar bith den bhliain.

Cuspóir

Glasraí a fhas i spásanna cúnga nuair nach bhfuil aon áit faoi fhéar ná spás ar fáil do gharraí níos mó.

Ceangal trasna an Churaclaim

OSIE:	Dúile beo, feasacht agus cúram imshaoil, taifeadadh, breathnú.
Matamaitic:	Tomhas, comhaireamh, meastachán, taifeadadh, foghlaim ghníomhach.
Litearthacht:	Scríbhneoireacht, litriú.
Ealaín:	Comharthaí a dhéanamh, gabhdáin a phéinteáil.
Curaclam Neamhfhoirmiúil:	Food Dudes, Bia Sláintiúil, Discover Primary Science.

1 Nótaí

- D'fhéadfadh gur mó an foscadh a bheadh ag réimsí atá faoi choincréid agus iad níos teo agus gur féidir cineálacha plandaí níos andúchasaí a fhás iontu.
- Bíonn níos mó aire de dhíth ar phlandaí a fhástar i ngabhdáin agus teastaíonn uisce a chur orthu níos minice.

2 Smaointe

- Ceapacha ardaithe
- Ciseáin chrochta
- "Ballaí beo"
- Potaí agus gabhdáin (bairillí, folcadáin, dromaí meaisíní níocháin, bróga móra, etc)
- Garraithe dín
- Crainn torthaí le ballaí, fean / ar laitís
- Plandaí crochta agus plandaí dreapaireachta

3 Samplaí de Thionscadail

Ceapach Ardaithe

- Féach na mionsonraí ar an mbileog taca maidir le ceapacha ardaithe.
- Cinntítear go mbíonn 225mm doimhneachta sa cheapach ardaithe d'fhonn uisce a bheith á choinneáil sách domhain san ithir agus spás ag na fréamhacha le fás.

Prátaí i mboinn carranna

Acmhainní

Boinn, 3 phráta síl, múirín/ithir, uisce

Modh oibre

- Cuirtear bonn amháin ar an talamh agus líontar le múirín/ithir é.
- Cuirtear na prátaí síl sa bhonn.
- Nuair a bhíonn duileoga le feiceáil, cuirtear bonn eile air agus clúdaítear le breis ithreach/múirín é.
- Coinnítear ag cur boinn air an fhad atá an fás ar siúl agus baintear na prátaí nuair a bhíonn barr an phlanda ag fáil bháis.

TÁ AN OBAIR SEO OIRIÚNACH DO NA RANGANNA AR FAD

Fás faoi bhia agus ghairneoireacht na hÉireann

Bord Bia
Irish Food Board

Garraíodóireacht sa bhaile mór (spásanna cúnga) ar lean.

Sláinte agus Sábháilteachta

Bítear cúramach ag úsáid uirlisí. Nitear na lámha tar éis seisiún garraíodóireachta.

4 Bosca fuinneoige le leitís agus bláthanna

Acmhainní

Bosca fuinneoige nó gabhdán, síolta leitíse, síolta bláthanna, múirín/ithir, uisce.

Modh oibre

- Líontar an gabhdán le ithir/múirín.
- Cuirtear na síolta san ithir go díreach nó cuirtear i bpotaí iad agus aistrítear isteach sa ghabhdán iad nuair a fhásann siad.
- Cuirtear lipéid leis na síolta.
- Baintear an leitís nuair a fhásann sí agus itear í.
- Glantar na bláthanna feoite ionas gur faide a bhíonn bláthanna le feiceáil.

5 Crann úll in aghaidh an bhalla

Resources

Spás le balla, crann úll, múirín/aoileach, ithir, uisce, tairní cloiche agus ruóg nó sreang.

Modh oibre

- Gearrtar poll tríd an gcoincréad atá sách mór leis an gcrann a chur an nó druileáiltear poll 50mm sa choincréad agus déantar ceapach ardaithe (féach thuas) a gcuirfear an crann ann.
- Déantar poll agus cuirtaer aoileach/múirín ann.
- Cuirtear an crann agus cuirtear uisce air.
- De réir mar a fhásann an crann, bearrtar i gcruth feain é ionas go mbíonn na géaga in aghaidh an bhalla.
- Ceanglaítear siar na géaga agus iad ag fás.

6 Tionscadail Taighde

Matamaitic – Tomhastar agus pleanáiltear an garraí agus tarraingítear léarscáil, tomhastar an mhéid atá i ngabhdán agus ríomhtar an méid ithreach a theastaíonn lena aghaidh.

OSIE – Fiosraítear plandaí agus miocraeráidí na Meánmhara.

Ealaín – maisítear gabhdáin, déantar lipéid agus comharthaí maidir leis na plandaí, agus déantar ábhar taispeántais agus plean den gharraí.

Breis eolais

Cultivate Centre: www.cultivate.ie

Focail le fiosrú: **ESPALIER, FEAIN**